Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2024**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0011(NLE)**

**7671/24**
**ADD 3**

**SOC 204**
**EMPL 113**
**ANTIDISCRIM 41**
**GENDER 40**
**SAN 154**
**FREMP 143**
**ILO 9**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh<br>– Ráiteas ó Phoblacht na Seice |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn ráiteas ó thoscaireacht Phoblacht na Seice maidir leis an togra thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE MAIDIR LEIS AN**

**TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE LENA N-IARRTAR AR NA BALLSTÁIT COINBHINSIÚN NA hEAGRAÍOCHTA IDIRNÁISIÚNTA SAOTHAIR MAIDIR LE FORÉIGEAN AGUS CIAPADH, 2019 (UIMH. 190) A DHAINGNIÚ**

Is mian le Poblacht na Seice an seasamh atá aici a mheabhrú, seasamh a chuir sí in iúl go mion minic le linn na caibidlíochta maidir leis an gcinneadh seo ón gComhairle chomh maith le Cinntí ón gComhairle a bhí ann roimhe seo lena gceadaítear nó lena n-údaraítear do Bhallstáit an Aontais Coinbhinsiúin agus Prótacail na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) a dhaingniú, nó lena n-iarrtar orthu iad sin a dhaingniú. Tá na Cinntí sin ón gComhairle léirmhínithe go seasta ag Poblacht na Seice mar bhearta nach bhforchuireann aon oibleagáid na coinbhinsiúin idirnáisiúnta atá i gceist a dhaingniú. Dá réir sin, éascaíonn siad féidearthacht an daingniúcháin, agus ag an am céanna cloítear leis an bprionsabal go n-urramaítear go hiomlán Ballstáit an Aontais mar chomhpháirtithe neamhspleácha de chuid EIS. Sa chomhthéacs sin, tá a lánrogha i gcónaí ag gach Ballstát maidir leis an bpróiseas daingniúcháin a thionscnamh, faoi threoir a nós imeachta cinnteoireachta náisiúnta amháin, gan bheith faoi réir bearta a bhaineann le sáruithe ar na Conarthaí.

Áitíonn Poblacht na Seice nach mór dearbhú sainráite a bheith ann lena gceadófaí do na Ballstáit Coinbhinsiún 190 EIS a dhaingniú go deonach laistigh dá ndlínse náisiúnta. In éagmais an réamhchoinníll sin agus ós rud é nach ndearnadh léirmhíniú soiléir dlíthiúil ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an 19 Iúil 2023, níl Poblacht na Seice in ann tacú leis an gcinneadh ón gComhairle maidir le Coinbhinsiún 190 EIS agus, dá bhrí sin, staonfaidh sí ón vótáil.

Tugann Poblacht na Seice dá haire agus is mór aici na dearbhuithe ón gCoimisiún, a cuireadh in iúl níos mó ná uair amháin, go gcoimeádfaidh sé ar bun an cleachtas atá ann cheana a bhaineann leis an gcinneadh seo agus leis na Cinntí uile ón gComhairle a rinneadh roimhe seo, is é sin nach ndéanfaidh sé aon bhearta chun iallach a chur ar Bhallstáit an Aontais Coinbhinsiúin agus Prótacail EIS a dhaingniú.